



**An Phríomh-Oifig Staidrimh**  
Central Statistics Office

**census**  
**2011**  
**RESULTS**  
[www.cso.ie](http://www.cso.ie)

## **Preas Ráiteas** **Press Statement**

### **Torthaí Daonáirimh 2011**

#### **Próifil 9 An Méid Atá Ar Eolas Againn – Oideachas, Scileanna agus An Ghaeilge**

Scaoil an Phríomh-Oifig Staidrimh an foilseachán is déanaí inniu ina sraith torthaí ó Dhaonáireamh 2011, ag léiriú i mí Aibreáin 2011 go raibh oideachas sách níos fearr ar dhaoine óga ná a gcontrapháirteanna níos sine, le cáilíocht tríú leibhéal ag nach mór 43 faoin gcéad de dhaoine d'aois 20 go 39, i gcomparáid le 13 faoin gcéad díobh siúd d'aois 65 agus os cionn.

Léiríonn foilseachán an lae inniu, “*Próifil 9 An Méid Atá Ar Eolas Againn – Oideachas, Scileanna agus An Gaeilge*” [*Profile 9 What We Know – Education, Skills and the Irish Language*], próifil den oideachas agus na scileanna atá ag daonra na hÉireann, ag díriú go mionsonrach ar an aois um fhágáil an oideachais agus réimse an staidéir a bhfuil cáilíochtaí gnóthaithe ina leith.

Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach leis an CSO: “Soláthraíonn an tuarascáil seo breis anailíse ar roinnt téamaí tábhachtacha sna torthaí ó Dhaonáireamh 2011. Ar dtús, déantar iniúchadh inti ar an leibhéal oideachais ag daonra na hÉireann trí breathnú go mionsonrach ar an aois inar scoireadh den oideachas, an caidreamh le stádas eacnamaíochta, grúpa tionscail agus gairme agus na réimsí éagsúla staidéir a bhfuil cáilíochtaí gnóthaithe ina leith. Breathnaíonn an tuarascáil freisin ar an nGaeilge, ag déanamh iniúchta ar láthair na gcainteoirí Gaeilge agus an mhinicíocht a labhraítear an teanga.”

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census) mar aon leis na sonraí uile atá ar fáil i raon táblaí gréasáin idirghníomhacha, a cheadaíonn d'úsáideoirí a dtáblaí féin a thiomsú trí na sonraí ar spéis leo a roghnú agus iad a íoslódáil i bhformáid atá éasca le húsáid dá gcuid anailíse féin.

Mar fhocal scoir dúirt Ms Cullen “ Soláthraíonn an tuarascáil seo forbhreathnú ar an oideachas agus na scileanna ag daonra na hÉireann in 2011, ag cuimsiú níos mó anailíse agus torthaí fós ó Dhaonáireamh 2011 at an téama fíorthábhachtach seo. Tá a thuilleadh sonraí ar na torthaí seo, agus ar shonraí daonáirimh uile, ó leibhéal an chontae síos chomh fada le leibhéal na mbailte, na dtoghanna agus na gCeantar Beag, ar fáil ar an leathanach daonáirimh de shuíomh gréasáin an CSO.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire

*Oifig i mBaile Átha Cliath*  
+353 1 498 4000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland

*Dublin Office*  
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0870 876 0256 (UK/NI)  
+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555  
[information@cs0.ie](mailto:information@cs0.ie)  
[www.cso.ie](http://www.cso.ie)



## **Buaicphointí na tuarascála**

### **Leibhéil Oideachais**

Tháinig feabhas suntasach ar ghnóthachtáil oideachais dhaoine d'aois 15 agus os cionn i gcaitheamh na tréimhse fiche bliain ó 1991 go 2011 leis na méaduithe is mó sa líon daoine le cáilíocht tríú leibhéal acu, ag ardú ó 14 faoin gcéad i 1991 go 31 faoin gcéad faoin mbliain 2011.

### **Aois inar scoireadh den oideachas**

Bhí a gcuid oideachais lánaimseartha comhlánaithe ag os cionn 3 mhilliún duine d'aois 15 agus os cionn i mí Aibreáin 2011, leis an meánaois comhlánaithe cothrom le 19.1 bliain.

### **Cáilíochtaí tríú leibhéal**

San iomlán, in 2011 bhí cáilíocht tríú leibhéal ní níos airde ag 26 faoin gcéad de dhaoine d'aois 15 agus os cionn agus a raibh a gcuid oideachais lánaimseartha comhlánaithe acu. Céimithe tríú leibhéal ba ea 28 faoin gcéad de mhná i gcomparáid le 23 faoin gcéad d'fhir. As líon iomlán na gcéimithe (739,992) i mí Aibreáin 2011, mná ba ea 413,257 (56%) agus fir ba ea 326,735 (44%).

Ba mhór an éagsúlacht a bhí le céatadán na ndaoine d'aois 15 agus os cionn le cáilíocht tríú leibhéal acu idir chontaetha, an ceann is airde acu ag 40 faoin gcéad i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus an ceann is ísle ag 17 faoin gcéad, i gcathair Luimnigh.

### **Oideachas agus pósadh**

Thug na torthaí le tuiscint go mhéadaíonn an dóchúlacht a bheith pósta le gnóthachtáil oideachais. Ina measc siúd d'aois 35 go 44 ní raibh ach 58 faoin gcéad díobh siúd le hoideachas meánleibhéal íochtarach acu pósta i gcomparáid le 65 faoin gcéad díobh siúd le hoideachas meánscoile uachtarach acu agus 69 faoin gcéad díobh siúd le cáilíocht tríú leibhéal acu.

### **Luathfhágálaithe scoile**

Chomhlíon os cionn 389,000 duine a gcuid oideachais lánaimseartha roimh aois 16, astu sin bhí 55 faoin gcéad (213,895) d'aois 60 nó os cionn. Bhí 43,741 eile d'aois faoi bhun 40. Bhí 25,509 duine d'aois idir 20 agus 34 a chomhlíon a gcuid oideachais d'aois 15 nó níos óige.

### **An earnáil tionsclaíoch**

Ná hearnálacha tionsclaíocha leis an líon absalóideach is airde daoine le cáilíochtaí tríú leibhéal acu ba ea oideachas (113,317), gníomhaíochtaí sláinte an duine (68,116), trádáil mhiondíola (38,463), gníomhaíochtaí oibre sóisialta (34,624) agus gníomhaíochtaí na seirbhísí airgeadais (31,645).

Ar bhonn céatadán, bhí cáilíocht tríú leibhéal ag nach mór 80 faoin gcéad de 5,301 duine a raibh post acu i seirbhísí comhairleacha um bainistíocht ghairmiúil, mar a bhí ag os cionn trí cheathrú díobh siúd i bhforbairt agus taighde eolaíoch. Bhí cáilíocht tríú leibhéal ag nach mór dhá thrian den líon os cionn 68,000 duine i mbun oibre i TF agus i gcumarsáid.

### **Réimse Staidéir**

Bhí an catagóir eolaíochtaí sóisialta, gnó agus dlí ar an réimse staidéir is cáiliúla i bhfad ina measc siúd ar fad le cáilíochtaí iar-mheánscoile acu in 2011. Bhí díreach faoi bhun 300,000 duine sa mhargadh saothair oilte sa réimse seo.

## **Dochtúireachtaí**

I mí Aibreáin 2011 bhí cáilíocht ar leibhéal Dochtúireachta (Ph.D) ag nach mór 22,000 duine d'aois 15 agus os cionn a raibh a gcuid oideachais comhlíonta acu. Léirigh sé seo méadú suntasach de níos mó ná 52 faoin gcéad ar an mbliain 2006.

## **Rannpháirtíocht oideachais agus leibhéal oideachais na dtuismitheoirí**

Bhí 89 faoin gcéad de sheans acu siúd d'aois fiche bliain le hoiliúint ar an mbeirt thuismitheoirí go leibhéal tríú leibhéal a bheith ina mac léinn, le 4,012 as líon iomlán 4,500 sa ghrúpa seo i mbun oideachais lánaimseartha go fóill. Ina measc siúd go raibh oideachas meánscoile íochtarach ar a mhéid ar a dtuismitheoirí níorbh mic léinn ach 45 faoin gcéad acu, ach ina measc siúd leis an mbeirt thuismitheoirí le hoideachas meánscoile uachtarach ar a mhéid orthu, bhí 68 faoin gcéad i mbun oideachais lánaimseartha go fóill.

## **An Ghaeilge**

Bhí 77,185 duine ag labhairt Gaeilge ar bhonn laethúil lasmuigh den chóras oideachais i mí Aibreáin 2011. Bhí fiche trí faoin gcéad díobh seo d'aois 5 go 18 (17,457 duine), le 23,359 (30%) eile san aoisghrúpa 25-44. Bhí 42,157 bean ag labhairt Gaeilge ar bhonn laethúil in 2011 i gcomparáid le 35,028 fear.

## **Láthair na gcainteoirí Gaeilge**

Bhí caoga a haon faoin gcéad de dhaonra chontae na Gaillimhe in ann Gaeilge a labhairt in 2011 – an líon ab airde as gach contae. Ar na contaetha riaracháin eile is airde bhí an Clár (48%), Tiobraid Árann Thuaidh (47%) agus Luimneach (47%) leis na céatadáin is ísle ag Cathair Bhaile Átha Cliath (32%), Baile Átha Cliath Theas (36%) agus Lú (36%).

De bharr méid an daonra dá cuid, bhí an líon is airde cainteoirí laethúla na Gaeilge ag cathair Bhaile Átha Cliath agus a bruachbhailte le 14,229 duine, arbh ionann sin agus 18 faoin gcéad de líon iomlán na gcainteoirí laethúla. I dteannta a chéile bhí 6,336 cainteoir Gaeilge laethúil ag cathracha Chorcaí, na Gaillimhe agus Luimnigh, arbh ionann sin agus os cionn 8 faoin gcéad den iomlán.

## **Gnóthachtáil ardoideachais**

Bhí oideachas níos airde ar chainteoirí laethúla na Gaeilge ná mar a bhí i gceist leis an daonra i gcoitinne. As na cainteoirí Gaeilge laethúla sin a raibh a gcuid oideachais comhlíonta acu, bhí céim tríú leibhéal nó níos airde ag 44 faoin gcéad. Bhí sé seo i gcomparáid le ráta 26 faoin gcéad don Stát trí chéile.

## **Na ceantair Ghaeltachta**

Dúirt líon iomlán 66,238 duine (d'aois 3 nó os cionn) nó 68.5 faoin gcéad de dhaoine i gceantair Ghaeltachta go bhféadfaidís Gaeilge a labhairt in 2011. B'ionann seo agus méadú de chuid 1,973 duine ar an mbliain 2006, mar sin féin, tá an cion a labhair Gaeilge tar éis titim ó 70 faoin gcéad in 2006.

Bhí líon na gcainteoirí laethúla lasmuigh den chóras oideachais i gceantair Ghaeltachta cothrom le 23,175 duine nó 24 faoin gcéad de na daoine ar fad d'aois 3 nó os cionn sna ceantair seo.

**Le haghaidh cóipeanna den fhoilseachán:**

Chun féachaint ar an bhfoilseachán agus é a íoslódáil, tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census).

**Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:**

Cormac Halpin ar (01) 895 1355

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shoird, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facs: (01) 895 1399

R-phost: [census@cso.ie](mailto:census@cso.ie)

Idirlíon: [www.cso.ie](http://www.cso.ie)

*An Phríomh-Oifig Staidrimh*

*22 Samhain 2012*

**– CRÍOCH –**